Department of Education
www.deni.gov.uk
AN ROINN Oideachais
MÄNNYSTRIE O Lear

AISTRIÚ 2012

Comhairle Do Thuismitheoiri

1. RÉAMHRÁ

Leagtar amach sa bhileog seo na príomhchéimeanna i bpróiseas aistriú iar-bhunscolaíochta d'iontrálacha Mheán Fómhair 2012 (Aistriú 2012). Mínítear ann chomh maith:

- Ról na dtuismitheoirí: an méid a thig leat a dhéanamh le cuidiú le do pháiste aistriú chuig iar-bhunscoil.
- An dóigh ar féidir le tuismitheoirí ullmhú le haghaidh an róil seo: na rudaí a bhféadfá machnamh orthu agus scoil á roghnú agat do do pháiste.
- An dóigh le hiarratas do pháiste ar iar-bhunscoil (an **Fhoirm Aistrithe**) a chomhlánú.

Tá próiseas aistrithe ar leith ag daltaí a bhfuil ráiteas sainriachtanais oideachais acu. Pléifidh an Bord Oideachais agus Leabharlainne (BLO) socrúchán cuí iar-bhunscolaíochta dá p(h)áiste leis an tuismitheoir mar chuid d'athbhreithniú ráiteas an pháiste.

Chomh maith leis an Bhéarla agus an Ghaeilge, tá an bhileog seo ar fáil fosta sa Pholainnis, sa tSínis, sa Phortaingéilis, sa Liotuáinis, sa Laitvis agus sa tSlóvaicis. Is féidir cóipeanna a fháil ó do BLO.

Tá an bhileog seo foilsithe ar nidirect (***www.nidirect.gov.uk***) fosta.

Má tá an doiciméad seo de dhíth ort i bhformáidí eile (ar nós mórchló, Braille srl.) nó i dteanga eile seachas iad sin a liostaítear thuas, déan teagmháil leis an Fhoireann Rochtana Scoile trí mhodh ar bith acu seo a leanas.

Trí r-phost chuig: schoolaccessteam@deni.gov.uk

Trí scríobh chuig:

An Fhoireann Rochtana Scoile
An Roinn Oideachais
Teach Ráth Gael
Bóthar Bhaile Aodha
BEANNCHAR
Co an Dúin
BT19 7PR

Ar an teileafón: 028 9127 9326

Ar théacsfón: 028 9127 9472

Trí fhacs: 028 9127 9417

2. PRÍOMHCHÉIMEANNA SA PHRÓISEAS AISTRITHE 2012

Eanáir 2012	Gheobhaidh tú, ó bhunscoil do pháiste, Leabhrán Aistrithe. Beidh eolas istigh ann faoi gach iarbhunscoil i do cheantar, go háirithe: ■ Líon na n-áiteanna atá ar fáil i ngach scoil; ■ Na critéir iontrála a mbainfidh gach scoil úsáid astu le cinneadh a dhéanamh faoi na páistí a ligfear isteach chuig an scoil má fhaigheann an scoil níos mó iarratas ná na háiteanna atá ar fáil aige.
Eanáir 2012	Is féidir leat iarraidh ar iarbhunscoil ar bith cóip saor in aisce dá réamheolaire a sholáthar duit. Beidh eolas breise istigh ann. Beidh deis agat chomh maith cuairt a thabhairt ar scoileanna le linn a Laethanta/Oícheanta Oscailte. Is féidir sonraí faoi dhátaí agus uaireanta a aimsiú i nuachtáin áitiúla, Leabhráin Aistrithe nó go díreach ó scoileanna.
Eanáir 2012	Tabharfaidh bunscoil do pháiste Foirm Aistrithe agus treoirnótaí duit le cuidiú leat an fhoirm a chomhlánú. Ar an Fhoirm Aistrithe, iarrfar ort na hiar-bhunscoileanna (trí scoil ar a laghad) ar mhaith leat do pháiste freastal orthu a liostú in ord rogha.
17 Feabhra 2012	Nuair a bheidh an Fhoirm Aistrithe comhlánaithe agus sínithe agat, ba chóir í a thabhairt don bhunscoil in am trátha ionas go dtig leis an scoil d'fhoirm a chur ar aghaidh chuig an BLO faoi 17 Feabhra 2012.
Ó 17 Feabhra 2012 go dtí eisiúint na litreacha iontrála	Próiseálann BLOanna foirmeacha aistrithe de réir rogha tuismitheoirí. I dtosach báire, cuireann siad an fhoirm chuig an scoil a ainmnítear mar chéad rogha ionas go dtig léi a critéir iontrála a chur i bhfeidhm bunaithe ar an eolas a thugtar. D'fhéadfadh sé gur ghá an fhoirm a chur ar aghaidh chuig scoileanna eile a ainmnitear mar roghanna roimh chomhlánú an phróisis.
Gar do dheireadh Bhealtaine 2012	Eiseofar litir gar do dheireadh Bhealtaine a chuirfidh in iúl duit cén scoil ina n-iontrálfar do pháiste (an litir iontrála). Mura nglacfaidh scoil ar bith acu sin a liostaítear ar an Fhoirm Aistrithe do pháiste, iarrfar ort scoileanna eile a ainmniú as measc liosta de scoileanna a bhfuil áiteanna ar fáil acu go fóill. Tabharfaidh an litir seo fosta comhairle ar an dóigh le hachomharc a dhéanamh in éadan breith iontrála.
Suas go 11 Meitheamh 2012	Le linn na tréimhse idir eisiúint litreacha iontrála agus 11 Meitheamh 2012, tig leat achomharc in éadan cinneadh iontrála a chur isteach. Ní éireoidh le hachomharc ach amháin más féidir a léiriú nach bhfuair páiste áit cionn is nár cuireadh critéir iontrála i bhfeidhm mar ba cheart.

3. RÓL TUISMITHEOIRÍ SA PHRÓISEAS AISTRITHE

Tá ról an-tábhachtach agat féin sa phróiseas aistrithe:

- Cuideoidh tú le do pháiste cinneadh a dhéanamh faoi na hiarbhunscoileanna ina n-iarrfaidh sé/sí áit.
- Ansin, comhlánóidh tú iarratas do pháiste ar na scoileanna seo ar **Fhoirm Aistrithe**.

Tá de cheart ag tuismitheoirí roghanna a chur in iúl maidir leis na scoileanna ar mhaith leo a gcuid páistí freastal orthu ach **ní féidír ráthaíocht a thabhairt go bhfaighidh páiste ar bith áit i scoil ar bith** nó i scoil de chineál ar bith (meánscoil, scoil imeasctha, scoil ghramadaí, scoil aonghnéis srl.)

4. ÁBHAIR MHACHNAIMH MAIDIR LE HIAR-BHUNSCOIL A ROGHNÚ

Cuideoidh tú le do pháiste cinneadh a dhéanamh faoi na hiarbhunscoileanna ina lorgóidh sé/sí áit. Nuair a bhíonn na cinntí seo á ndéanamh agat b'fhéidir gur chóir duit agus do do pháiste machnamh a dhéanamh air:

- Dearcaí do pháiste faoin áit a mbeadh sé/sí is mó ar a s(h)áimhín só.
- Láidreachtaí do pháiste agus an scoil a sholathróidh an t-oideachas is oiriúnaí do do pháiste.
- Do bharúil féin agus barúil do pháiste faoi scoileanna.
- Taisteal ar scoil agus na socruithe maidir le soláthar iompair ón bhaile go scoil.

D'fhéadfaí go n-áireofaí ar eolas úsáideach eile maidir le do chinneadh faoi scoileanna ar leith:

- Réimse na scrúduithe poiblí a dhéantar sa scoil (msh. TGMO) agus gnóthachtálacha a gcuid daltaí sna scrúduithe seo.
- Na socruithe a dhéanann scoileanna faoi dhaltaí a bhféadfadh cuidiú faoi leith a bheith de dhíth orthu.
- Polasaithe scoileanna ar obair bhaile, éide scoile, cúrsaí smachta, srl.
- Réimse na ngníomhaíochtaí seach-churaclaim atá ar fáil i scoileanna.
- Táillí na scoile (más ábhartha).

Cuideoidh an t-eolas seo leat cinneadh a dhéanamh faoi cé acu scoileanna ar mhaith leat do pháiste freastal orthu ar réimse cúiseanna, ach ba chóir duit fosta smaoineamh ar a dhóichí atá sé go bhfaighidh do pháiste áit ar na scoileanna ab fhearr libh. Chuige seo, is gá duit smaoineamh ar an leibhéal iomaíochta d'áiteanna ar an scoil agus cé chomh láidir a bheadh do pháiste agus é/í san iomaíocht do na háiteanna sin (.i. a oiread agus a chomhlíonann sé/sí critéir iontrála na scoile). Le cuidiú leat do bhreith a dhéanamh faoi na nithe seo, d'fhéadfaí gur chuidiú agat eolas tábhachtach a bheith agat faoi:

- Patrún na n-iarratas agus na n-iontrálacha chuig scoil sna blianta roimhe - is é sin, líon na n-iarratas a fuarthas i ngach bliain den chúpla bliain a chuaigh roimhe, agus líon na n-iarratasóirí a ligeadh isteach sna blianta sin. Cuimhnigh gur féidir go dtiocfaidh athrú ar phatrún na n-iarratas ó bhliain go bliain. **Ní mór do scoil a fhaigheann níos lú iarratas ná na háiteanna atá inti gach iarratasóir a ligean isteach.**

- An dóigh a roghnóidh scoileanna páistí le haghaidh iontrála má bhíonn barraíocht iarratasóirí acu. Sa chás seo beidh ar scoileanna **critéar iontrála** a úsáid leis na páistí atá le ligean isteach a roghnú. Agus cinneadh á dhéanamh agat faoinar chóir iarratas a chur isteach chuig scoil nó nár chóir, is féidir go mbeidh sé ina chuidiú tuiscint mhaith a bheith agat ar **chritéar iontrála** na scoile.

Tá roinnt dóigheanna a dtig leat teacht ar an eolas atá de dhíth ort le cuidiú leat cinneadh a dhéanamh cén scoil/scoileanna ina bhfuil tú ag dul a iarraidh áite do do pháiste agus tá siad leagtha amach thíos.

5. LEABHRÁIN AISTRITHE

Foilseofear Leabhráin Aistrithe na BLOanna go luath in Eanáir 2012. Ba chóir duit an leabhrán cuí do do cheantar a léamh go han-chúramach mar:

- Tá eolas sa leabhrán seo a chuideoidh leat cinneadh a dhéanamh faoi na hiarbhunscoileanna a bheidh le liostú ar **Fhoirm Aistrithe** do pháiste.

- Inseofar duit sa leabhrán seo faoi líon na bpáistí is féidir le scoil a ligean isteach. Inseofar duit ann chomh maith faoin mhóréileamh a bhí ar scoil sna blianta deiridh agus má bhí níos mó iarratasóirí aici ná áiteanna a bhí ar fáil. **Ní mór do scoil a fhaigheann níos lú iarratas ná na háiteanna atá inti gach iarratasóir a ligean isteach.**

- Leagfar amach sa leabhrán seo **critéar iontrála** gach scoile agus faoin dóigh a gcuirfear iad seo i bhfeidhm. Is tríd an chritéar iontrála seo a roghnóidh iarbhunscoil páistí le haghaidh iontrála má bhíonn níos mó iarratasóirí ná áiteanna aige.

- Má thuigeann tú critéar iontrála na n-iarbhunscoileanna a bhfuil spéis agat iontu is amhlaidh go gcuideoidh sé seo leat barúil a thabhairt ar an dóigh a rachaidh iarratas do pháiste. Is féidir go gcuideoidh sé leat fosta an t-eolas a mbeidh sé tábhachtach agat a sholáthar agus **Foirm Aistrithe** do pháiste á comhlánú agat.

Mar sin de, leis an úsáid is fearr a bhaint as an Leabhrán Aistrithe:

- Amharc ar na rannáin a bhíonn ag plé leis na scoileanna a bhfuil spéis agat iontu.
- Seiceáil faoin mhóréileamh a bhí ar na scoileanna seo sna blianta deiridh: an raibh níos mó iarratasóirí aici ná áiteanna a bhí ar fáil?
- Léigh go cúramach na critéir iontrála le haghaidh gach scoile a bhfuil tú ag smaoineamh uirthi.
- Smaoinigh faoin dóigh a bhféadfadh baint a bheith ag na critéir le do pháiste.
- Smaoinigh faoin eolas ba chóir duit a chur ar fáil agus **Foirm Aistrithe** do pháiste á comhlánú agat.

6. SCOILEANNA I GCEANTAIR BHOIRD EILE

Más áil leat do mhachnamh a dhéanamh ar iarratas a chur isteach chuig scoil i gCeantar Boird Oideachais agus Leabharlainne eile, ba chóir duit teagmháil a dhéanamh le do bhunscoil faoi shonraí faoin dóigh le rochtain a fháil ar Leabhráin Aistrithe a bhaineann le ceantair Bhoird eile.

7. RÉAMHEOLAIRÍ SCOILE

Ní mór do gach iarbhunscoil réamheolaire a chur le chéile. Is leabhrán é seo a:

- Chuireann eolas ar fáil faoin scoil agus faoi na deiseanna fostaíochta is féidir léi a sholáthar do do pháiste; agus
- A bhfuil eolas ann faoi roghanna ábhar atá ar fáil sa scoil, torthaí scrúduithe poiblí, líon na n-iarratas a fuarthas agus líon na n-áiteanna a tugadh sna blianta deiridh seo.

Tá réamheolairí ar fáil saor in aisce ó scoileanna. Ba chóir duit réamheolairí a fháil ó gach scoil a bhfuil tú ag smaoineamh orthu trí theagmháil a dhéanamh leis na scoileanna sin go díreach. Tá sonraí teagmhála na scoileanna le fáil sna Leabhráin Aistrithe.

8. LAETHANTA/OÍCHEANTA OSCAILTE

Ba chóir duit an deis a thapú agus cuairt a thabhairt ar gach iarbhunscoil a bhfuil tú ag smaoineamh uirthi trí fhreastal ar a laethanta/oícheanta oscailte. Gheobhfar mionsonraí dátaí agus amanna i nuachtáin áitiúla, i Leabhráin Aistrithe nó go díreach ó scoileanna. Le linn an lae/na hoíche oscailte is iondúil go míneoidh an príomhoide an dóigh a bhfeidhmítear critéar iontrála na scoile. Beidh an deis agat amharc thart ar an scoil, samplaí d'obair na ndaltaí a fheiceáil agus labhairt le múinteoirí agus le cuid de na daltaí.

9. SOCRUITHE IOMPAIR

Is féidir gur fachtóir mór a bheidh i gcostas agus i bpraiticiúlacht do pháiste a iompar chuig na scoileanna a bhfuil tú ag smaoineamh orthu agus cinneadh á dhéanamh faoi na scoileanna le liostú ar an Fhoirm Aistrithe. Ba chóir duit dianmhachnamh a dhéanamh ar an cheist seo agus cinnte a dhéanamh de go dtuigeann tú na rialacha a rialaíonn cáilitheacht cúitimh iompair.

Tabhair do d'aire go bhféadfadh go n-athrófaí na rialacha a bhaineann le cúnamh iompair le linn an ama a chaitheann do pháiste ar scoil ar bith ar leith agus ba chóir é seo a chur san áireamh nuair a bhíonn scoileanna á roghnú chun liostú ar an Fhoirm Aistrithe.

Beidh do pháiste incháilithe le haghaidh cúitimh iompair sna cásanna seo amháin:

- Má chláraíonn sé/sí ar scoil atá níos faide ná 3 mhíle óna b(h)aile; **agus**
- Níor éirigh leis/léi áit a fháil i **scoil ar bith** ar den chatagóir chéanna iad taobh istigh den teorainn sin 3 mhíle. Áirítear air seo, iarratas a chur isteach, agus gur diúltaíodh don iarratas, ar scoileanna taobh istigh den teorainn 3 mhíle mar ar léir nach gcomhlíonann do pháiste a gcritéir iontrála (m.sh. níor chuir do pháiste isteach ná níor shuigh sé scrúdú iontrála neamhrialaithe sa chás go bhfuil scoil ag úsáid critéir acadúla iontrála) roimh iarratas a chur isteach ar scoileanna ar den chatagóir chéanna iad taobh amuigh den teorainn 3 mhíle.

Áirítear sé chineál scoile maidir le cáilitheacht le haghaidh cúitimh iompair:

- Meánscoileanna faoi rialú;
- Meánscoileanna faoi Chothabháil (i. Caitliceach);
- Scoileanna imeasctha (lena n-áirítear Scoileanna Imeasctha faoi Rialú);
- Gaelscoileanna;
- Scoileanna gramadaí sainchreidmheacha (i. Caitliceach); agus
- Scoileanna gramadaí neamh-shainchreidmheacha.

Is féidir go mbeidh scoileanna déthaobhacha - i. scoileanna ina mbíonn iontógáil faoi leith gramadaí agus meánscoile iontu - sa chatagóir seo, ach ar mhaithe le cúiteamh iompair:

- caithfear le hiarratas chuig sruth na meánscoile ar scoil dhéthaobhach mar iarratas chuig ceann de na meánscoileanna i gceann de na catagóirí eile; agus
- caithfear le hiarratas chuig sruth gramadaí ar scoil dhéthaobhach mar iarratas chuig ceann den dá chatagóir de scoil ghramadaí.

SAMPLA

- Ba mhaith leat go ndéanfadh do pháiste freastal ar mheánscoil neamhshainchreidmheach faoi leith (scoil A) atá níos mó ná 3 mhíle ó theach do pháiste.
- Tá meánscoil eile neamhshainchreidmheach (scoil B) níos lú ná 3 mhíle ó theach do pháiste.
- Má cuireann tú isteach ar scoil A mar chéad rogha agat agus ar scoil B mar rogha níos ísle (nó mura gcuireann tú isteach ar scoil B ar chor ar bith), ní bheidh do pháiste i dteideal cúnamh iompair ar scoil A.
- Má chuireann tú isteach ar scoil B mar phríomhrogha agat, mura bhfaigheann tú áit sa scoil sin agus ina dhiaidh sin go bhfaigheann tú áit sa scoil arb í an rogha thánaisteach agat í, scoil A, beidh go pháiste incháilithe le haghaidh cúitimh iompair chuig scoil A.

Cuirfear catagóir na scoile in iúl in iontráil gach scoile sna Leabhráin Aistrithe. Ba chóir duit mionstaidéar a dhéanamh ar an eolas faoi na socruithe iompair a leagtar amach sa Leabhrán Aistrithe BLO. D'fhéadfaí gur chuidiú leat é a phlé le do BLO mar a shocródh na torthaí féideartha ar d'iarratas ar iar-bhunscoileanna do theidlíocht cúnamh iompair. Tá na sonraí teagmhála ag deireadh na bileoige seo.

10. IARRATAS DO PHÁISTE AR IAR-BHUNSCOIL A CHOMHLÁNÚ

- Tugtar **an Fhoirm Aistrithe** ar an fhoirm iarratais do gach iar-bhunscoil;
- Cuireann BLOnna **Foirmeacha Aistrithe** chuig príomhoidí bunscoileanna lena gcur ar aghaidh chuig tuismitheoirí le go gcomhlánófar iad. Cuirtear na foirmeacha comhlánaithe ansin ar ais chuig na bunscoileanna. Cuireann siadsan ar aghaidh chuig na BLOnna iad;
- **Ní mór foirmeacha comhlánaithe a chur ar ais chuig do bhunscoil in am trátha le go gcuirfear ar aghaidh chuig an BLO iad faoi 17 Feabhra 2012.**

Is doiciméad iontach tábhachtach é an Fhoirm Aistrithe. Is ann a bheidh an t-eolas uile a úsáidfidh na hiar-bhunscoileanna roghnaithe le hiarratas do pháiste a mheas.

Tá Foirm Aistrithe shamplach in Iarscríbhinn na bileoige seo le go dtig leat tú féin a chur ar an eolas maidir leis an fhoirm sula mbíonn ort í a chomhlánú. Nuair a thiocfaidh an t-am leis an fhoirm a chomhlánú gheobhaidh tú nótaí treorach ó do bhunscoil le cuidiú leat.

Do Rogha Iar-Bhunscoile A Chur In Iúl

Iarrtar ort ar an fhoirm na scoileanna ar mhaith leat do pháiste freastal orthu a liostú in ord rogha:

- **<u>Ba chóir duit 3 scoil ar a laghad a liostú</u> ar an Fhoirm Aistrithe.** I gcásanna áirithe bheadh sé le ciall níos mó ná 3 a liostú - mar shampla, nuair a bhíonn claonadh i scoil níos mó iarratas ná áiteanna a fháil agus i gceantair ina bhfuil cuid mhór scoileanna.

- Mura liostaíonn tú 3 scoil ar a laghad, d'fhéadfadh sé seo na seansanna atá ann go bhfaighidh do pháiste a rogha de scoil a laghdú. Tig leat a oiread scoileanna agus is mian leat a liostú. D'fhéadfadh sé seo bheith tábhachtach. De réir mar a dhéantar roghanna a phróiseáil, d'fhéadfadh páiste eile áit do pháiste a ghlacadh, d'ainneoin go gcomhlíonann do pháiste critéir scoile atá liostaithe mar scoil ard-rogha ar d'fhoirm aistithe, as siocair gur fearr a chomhlíonann an páiste eile na critéir d'ainneoin go liostaíonn seisean/sise an scoil mar rogha is ísle.

- Níor chóir an scoil chéanna a iontráil níos mó ná uair amháin.

- Má iarrann tú áit do do pháiste ar scoil ghramadaí, **is den ríthábhacht** ar a laghad scoil amháin as catagóir eile a bheith ar do liosta. Mura ndéanann tú é seo, d'fhéadfadh sé an seans go bhfaighidh do pháiste áit ar scoil is rogha libh a laghdú.

An Tábhacht A Bhaineann Heolas Ábhartha A Chur Ar Fáil Faoi Iarratas Do Pháiste

Iarrfar ort buneolas a chur ar fáil faoi do pháiste agus an **Fhoirm Iarratais** á comhlánú. Tá sé seo an-tábhachtach mar:

- Má bhíonn níos mó iarratasóirí ná áiteanna atá ar fáil ag ceann de na scoileanna a roghnaigh tú beidh ar an scoil rogha a dhéanamh faoi pháiste le ligean isteach.

- Déanfaidh an scoil é seo trína critéir iontrála a chur i bhfeidhm maidir lena hiarratasóirí.

- **Bainfidh an scoil úsáid as an eolas faoi do pháiste a chuireann tú ar fáil ar an Fhoirm Aistrithe leis an dóigh a gcomhlíonann do pháiste a critéir iontrála a mheas.**

Beidh difríochtaí ó scoil go scoil idir an cineál eolais a mbeidh sé tábhachtach agat a chur ar fáil. Is minic gurb é seo an cineál eolais a bheidh i gceist:

- Má tá deartháireacha nó deirfiúracha ar bith ag do pháiste cheana féin ar an scoil ar a bhfuil tú ag cur iarratais isteach. Tá áit ar leith ar **an Fhoirm Aistrithe** don eolas seo. Ba chóir duit fosta ainmneacha siblíní den sórt seo a chur ar Rannán C den fhoirm.

- An bhfuil an páiste ar an pháiste is sine, ar an aon pháiste nó ar an bhuachaill/chailín is sine sa chlann.

- An bhfuil do pháiste cláraithe, leis an Bhord Oideachais agus Leabharlainne, go bhfuil sé incháilithe chun Béilí Scoile Saor in Aisce a fháil.

Is riachtanach, mar sin de, go léann tú go han-chúramach an Leabhrán Aistrithe a chuireann an BLO ar fáil lena chinntiú go dtuigeann tú cén t-eolas atá de dhíth ar gach scoil a liostaíonn tú agus go dtugann tú an t-eolas seo agus **an Fhoirm Aistrithe** á comhlánú agat.

Incháilitheacht Le Haghaidh Béilí Scoile Saor In Aisce

Tá sé molta ag an Roinn go mbaineann scoileanna úsáid as an chritéar iontrála s'acu le cinnte a dhéanamh de go ligeann siad isteach go leor páistí atá cláraithe mar incháilithe le haghaidh Béilí Scoile Saor in Aisce.

- Ionas gur féidir é seo a dhéanamh, iarrfar ort ar an **Fhoirm Aistrithe** má tá do pháiste liostaithe faoi láthair ar chlár an Bhoird Oideachais agus Leabharlainne de pháistí atá incháilithe le haghaidh Béilí Scoile Saor in Aisce.

- Má bhaineann sé seo le do pháiste, ba chóir é seo a chlárú sa chuid chuí de Rannán C den **Fhoirm Aistrithe**.

- Seiceálfar d'éileamh ar chlárú Incháilitheacht le haghaidh Béilí Scoile Saor in Aisce.

Cad é a tharlóidh:

- **Murar mbíonn mo pháiste cláraithe mar incháilithe le haghaidh Béilí Scoile Saor in Aisce i ndiaidh dom an Fhoirm Aistrithe a chomhlánú?** Sa chás seo, beidh deis agat an t-eolas a uasdátú a fhad leis agus an 9 Bealtaine 2012 - féach an rannán "Athrú Cúinsí" thíos.

An Fhoirm Aistrithe A Sheiceáil Agus A Shíniú

Roimh shíniú **na Foirme Aistrithe** agus a cur chuig bunscoil do pháiste, tabhair do d'aire:

- Gur chóir duit an t-eolas uile a sheiceáil go cúramach sula ndéantar an fhoirm a shíniú. Ba chóir duit a chinntiú go bhfuil an t-eolas ábhartha uile ar fáil agus an **Fhoirm Aistrithe** á comhlánú le cur ar chumas na scoileanna uile a liostaíonn tú mar roghanna iarratas do pháiste a mheas. **Tú féin amháin atá freagrach as a chinntiú go gcuirtear an t-eolas ábhartha uile ar fáil.**

- **Mura gcuireann tú an t-eolas ábhartha ar fáil is féidir go laghdóidh tú an seans go ligfear do pháiste isteach chuig scoil ar rogha de do chuid í.**

- **Tá sé mar fhreagracht ort féin fosta cinnte a dhéanamh de go mbíonn an t-eolas a chuireann tú ar fáil ceart.** Is féidir go dtabharfar ar iarbhunscoileanna an t-eolas atá ar **Fhoirmeacha Aistrithe** a fhíorú agus má tharlaíonn eolas bréagach a bheith ann is féidir nach ligfear isteach do pháiste.

- Tá an t-eolas a thugann tú ar an fhoirm cumhdaithe ag forálacha an Achta um Chosaint Sonraí 1998. Glactar le do shíniú ar an fhoirm mar údarú uaitse cead a thabhairt do BLO an t-eolas ar an fhoirm a úsáid le d'iarratas a phróiseáil.

Nuair a bheidh an Fhoirm Aistrithe comhlánaithe agus sínithe agat, ba chóir a cur ar aghaidh chuig bunscoil do pháiste in am trátha le go dtig leis an scoil d'fhoirm a chur ar aghaidh chuig an BLO faoi 17 Feabhra 2012.

Athrú Cúinsí I Ndiaidh An Fhoirm Aistrithe A Chomhlánú

Is féidir go dtiocfaidh athrú ar do chúinsí pearsanta nuair a bhíonn an **Fhoirm Aistrithe** comhlánaithe agus sínithe agat. Mar shampla:

- Is féidir go n-athrófar do sheoladh; nó
- Is féidir go mbeidh do pháiste incháilithe le haghaidh Béilí Scoile Saor in Aisce.

Má thagann athrú ar do chúinsí ar dhóigh a bheadh tábhachtach i dtaca leis an phróiseas aistrithe de, ba chóir duit teagmháil a dhéanamh le hOifigeach Aistrithe an BLO leis an eolas seo a thabhairt. Tá na sonraí teagmhála ag deireadh na bileoige seo. Ní mór eolas breise a thabhairt faoi **9 Bealtaine 2012**.

11. LITREACHA SOCRÚCHÁIN AGUS BINSÍ NA NACHOMHARC UM IONTRÁLACHA NEAMHSPLEÁCHA

Ag tarraingt ar dheireadh Bhealtaine 2012 cuirfear litir chugat a insint duit faoi thoradh d'iarratas iar-bhunscolaíochta. Cuirfidh an **Litir Socrúcháin** seo in iúl duit cén iar-bhunscoil a bhfuair do pháiste áit inti.

Mura bhfaigheann do pháiste áit ar an scoil a roghnaigh tú agus má mhothaíonn tú go bhfuil sé sin amhlaidh as siocair nár chuir an scoil/scoileanna a gcritéir iontrála i bhfeidhm mar is ceart, tig leat achomharc a chur chuig an Bhinse Neamhspleách Achomharc Iontrálacha. Beidh eolas sa **Litir Socrucháin** a gheobhaidh tú gar do dheireadh Bhealtaine 2012 faoi do cheart achomhairc agus faoi cé leis ar chóir duit teagmháil a dhéanamh, má tá tú ag iarraidh achomharc a dhéanamh.

12. IMTHOSCA EISCEACHTÚLA

Is féidir go gcreideann tú go gcaithfidh do pháiste freastal ar iarbhunscoil faoi leith ar chúiseanna eile seachas gur fearr leat féin an iarbhunscoil sin. Is féidir go mbeidh cúiseanna eisceachtúla agus láidre gur chóir de do pháiste freastal a dhéanamh ar iarbhunscoil faoi leith.

Má shíleann tú go mbaineann sé seo le cás do pháiste, ba chóir duit an méid a leanas a thabhairt faoi deara:

- Cuirfidh an **Litir Socrúcháin** a gheobhaidh tú gar do dheireadh Bhealtaine 2012 in iúl duit cén iar-bhunscoil a bhfuair do pháiste áit inti.
- **Murab** í seo an iarbhunscoil ar ghá do do pháiste freastal a dhéanamh uirthi mar gheall ar imthosca eisceachtúla agus láidre; ansin,
- Beidh an deis agat iarratas a dhéanamh go ndéanfar cás do pháiste a mheas mar chuid den Phróiseas um Imthosca Eisceachtúla.

- **<u>I ndiaidh duit</u> iarratas a dhéanamh ar an iar-bhunscoil tríd an ghnáthphróiseas iontrálacha agus gur diúltaíodh áit duit, is ansin amháin is féidir éileamh Imthosca Eisceachtúla a mheas.**

- Is féidir éilimh ar Imthosca Eisceachtúla a mheas ag an am céanna le hachomhairc iontrálacha ach gur dhá phróiseas ar leith iad.

- Beidh comhairle faoin dóigh le mioneolas a fháil ar an phróiseas Imthosca Eisceachtúla, ar a n-áiritear an dóigh le hiarratas a chur isteach le go ndéanfar do chás a mheas, sa **Litir Socrúcháin** a eiseofar chugat gar do dheireadh Bhealtaine.

Tá a thuilleadh eolais ar fáil ag ***http://www.nidirect.gov.uk/index/parents/schools-learning-and-development/choosing-a-school-place-decision.htm***

13. SEOLTAÍ AGUS UIMHREACHA GUTHÁIN ÚSÁIDEACHA

Thíos tá sonraí teagmhála na nOifigeach Aistrithe i ngach BLO agus Fhoireann Rochtana Scoile na Roinne.

Bord Oideachais agus Leabharlainne Bhéal Feirste
40 Sráid an Acadaimh
BÉAL FEIRSTE
BT1 2NQ

Teil: 028 9056 4080
R-phost: patricia.hughes@belb.co.uk

Bord Oideachais agus Leabharlainne an Iarthuaiscirt
Halla an Chontae
182 Bóthar Galgorm
AN BAILE MEÁNACH
BT42 1HN

Teil: 028 2566 2306
R-phost: maxine.harris@neelb.org.uk

Bord Oideachais agus Leabharlainne an Oirdheiscirt
Bóthar Grahamsbridge
Dún Dónaill
BÉAL FEIRSTE
BT16 2HS

Teil: 028 9056 6200
R-phost: florence.mccaw@seelb.org.uk

Bord Oideachais agus Leabharlainne an Deiscirt
3 Plás Charlemont
ARD MHACHA
BT61 9AZ

Teil: 028 3751 2200
R-phost: mairead.maguire@selb.org

Bord Oideachais agus Leabharlainne an Iarthair
Teach Campsie
1 Bóthar an Ospidéil
AN ÓMAIGH
BT79 0AW

Teil: 028 8241 1571
R-phost: liane.armstrong@welbni.org

Roinn Oideachais
Foireann Rochtana Scoile
Teach Ráth Gael
Bóthar Bhaile Aodha
BEANNCHAR
BT19 7PR

Teil: 028 9127 9326
R-phost: schoolaccessteam@deni.gov.uk

Samhain 2011

FOIRM SHAMPLACH AISTRITHE

(MAR MHAITHE LE LÉIRIÚ AMHÁIN - NÁ COMHLÁNAIGH)

Cuid A

Sloinne an Dalta* _____ Gasúr ☐ Cailín ☐ *(Cuir tic sa bhosca cuí)*

Réamhainm (neacha)* _____ Dáta breithe an dalta*

(luaigh gach réamhainm)

*Mar atá luaite ar an teastas breithe

Ainm Tuismitheoir(í)/Caomhnóir(í) _____

_____ Uimhir ghutháin sa lá _____

Seoladh Poist _____

_____ Cód Poist _____

LE hAGHAIDH ÚSÁID NA BUNSCOILE AMHÁIN

Bord _____

Bunscoil _____

Uimhir ghutháin na scoile _____

Uimhir Thag. na Scoile ☐☐☐ - ☐☐☐☐

Uimhir Thag. an Dalta ☐☐☐☐☐☐

Measúnú um Riachtanais Speisialta Oideachais ar siúl? Tá/Níl

(scrios de reir mar is cuí)

Cuid B (Luaigh ar a laghad 3 scoil éagsúla)

Rogha scoile na dTuismitheoirí - le comhlánú ag Tuismitheoir nó Caomhnóir

(Cuir tic sna boscaí iomchuí)

1ú _____ deartháir/deirfiúr ag freastal cheana? Tá ☐

2ú _____ deartháir/deirfiúr ag freastal cheana? Tá ☐

3ú _____ deartháir/deirfiúr ag freastal cheana? Tá ☐

4ú _____ deartháir/deirfiúr ag freastal cheana? Tá ☐

5ú _____ deartháir/deirfiúr ag freastal cheana? Tá ☐

LE hAGHAIDH AN BHOIRD AMHÁIN

	Roghnaíodh	Níor Roghnaíodh
1ú		
2ú		
3ú		
4ú		
5ú		

Iarratas le haghaidh iontrála chuig rannóg chónaithe? Is é ☐

An é/í an páiste an páiste is sine sa teaghlach/an páiste aonair é/í? Is é/í ☐

An é/í an páiste an buachaill/cailín is sine sa teaghlach? Is é/í ☐

Cuid C

Ba chóir do thuismitheoirí aon fháthanna taobh thiar dá gcuid roghnachas maidir le hiar-bhunscoileanna agus aon eolas faoina bpáiste a bhaineann le critéir iontrála na n-iar-bhunscoileanna atá luaite thuas acu a chur síos anseo. Ní mór do thuismitheoirí, dá réir, breathnú cúramach a dhéanamh ar na codanna den Leabhrán Aistrithe ina bpléitear leis na scoileanna atá luaite acu. Tugtar sonraí sna codanna seo i dtaca le critéir iontrála na scoileanna seo. Ba chóir do thuismitheoirí atá ag cur isteach ar scoileanna atá ag baint úsáide as critéir acadúla, in ainneoin threoir na Roinne, ba chóir dóibh tabhairt faoi deara na critéir a éilíonn na scoileanna sin san iarratas. Tabharfar sonraí air seo sna codanna sna Leabhráin ar Aistriú a bhaineann leis na scoileanna seo. Tabharfar sonraí anseo fosta maidir le hiarratas a chomhlánú a bhfuil éileamh ar chúinsí eisceachtúla/forálacha speisialta mar chuid de.

_____

_____

_____

_____

_____

_____

Tuismitheoir/Caomhnóir - cuir tic sa bhosac seo agus sínigh in aice leis **sa chás** go bhfuil do pháiste cláraithe **faoi láthair** ar an chlár ELB faoi theidlíocht um bhéilí saora scoile. Má chláraítear do pháiste le haghaidh teidlíochta saorbhéilí scoile níos moille ach ar nó roimh 9 Bealtaine 2012, ba chóir é seo a chur in iúl don Oifigeach Aistrithe ag an ELB agus cinnteoidh sé/sí go n-athraítear sonraí d'iarrtais chun dáta chuige sin.

☐ _____

LE hAGHAIDH AN BHOIRD AMHÁIN

Má d'éiligh na tuismitheoirí go bhfuil a bpáiste cláraithe faoi theidlíocht um bhéilí saora scoile i gCuid C, an bhfuil tú in ann é seo a dheimhniú? *(scrios de réir mar is cuí, agus sínigh agus dátaigh, le do thoil)* Tá/Níl _____

Má scríobh tú 'Níl' i ndiaidh na ceiste thuas, ach má fhaightear éileamh iartheachtach inchosanta ar chlárú an iarratasóra seo le haghaidh teidlíochta saorbhéilí scoile ar nó roimh 9 Bealtaine 2012, cuir tic sa bhosca thíos, agus sínigh agus dátaigh in aice leis, le do thoil.

☐ _____

Cuid D

Dearbhú Tuismitheora - Tá an fhoirm seo (agus na treoirnótaí gaolmhara) léite agam agus tuigim go bhfuil d'fhreagracht orm féin gach eolas eile atá ábhartha a sholáthar agus a chinntiú go bhfuil sé cruinn. Is ionann an seoladh a thug mé anseo agus gnátháit chónaithe an dalta. Tuigim sa chás go mbronnfaí áit bunaithe ar eolas a sholáthraím ar an fhoirm seo agus go n-aimsítear an t-eolas sin bheith bréagach ina dhiaidh sin, go dtarraingeofar siar an áit sin. Toilím úsáid an eolais seo faoi théarmaí an Data Protection Act 1998 d'fhonn an t-iarratas seo a phróiseáil.

Síniú* Tuismitheora/Caomhnóra _____ Dáta _____

(* "Tuismitheoir" = an té a bhfuil an páiste faoina chúram go dlíthiúil aige)

SAMPLE

AISTRIÚ 2012

Comhairle Do Thuismitheoiri